2024/1341

14.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1341 CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Aibreán 2024

maidir le forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur ar fionraí i leith na hAetóipe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) ([1]), agus go háirithe Airteagal 25a(5), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis measúnú de bhun Airteagal 25a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, measann an Chomhairle nach bhfuil an comhar leis an Aetóip i réimse an athligin isteach leordhóthanach. Tá gá le feabhas mór ar an gcomhar maidir le gach céim den phróiseas um athligean isteach, lena n-áirítear feabhas chun a áirithiú go gcomhoibríonn an Aetóip go héifeachtach leis na Ballstáit uile ar bhealach tráthúil agus intuartha maidir leis an tsainaithint agus le heisiúint na ndoiciméad taistil, agus le hoibríochtaí um fhilleadh.

(2) Tá dúshláin leanúnacha ann maidir le náisiúnaigh den Aetóip a fhanann go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát a shainaithint. Is ann do na dúshláin sin mar gheall ar easpa freagairtí ó údaráis na hAetóipe i dtaca leis na hiarrataí ar athligean isteach, deacrachtaí i ndáil le heisiúint doiciméad taistil éigeandála nach soláthraítear go ginearálta fiú nuair a deimhníodh an náisiúntacht roimh ré, agus deacrachtaí i ndáil le heagrú oibríochtaí um fhilleadh ar eitiltí sceidealaithe agus cairtfhostaithe.

(3) Agus na bearta a rinne an Coimisiún go dtí seo chun feabhas a chur ar leibhéal an chomhair leis an Aetóip agus ar chaidreamh foriomlán an Aontais leis an Aetóip á gcur san áireamh, ní leordhóthanach comhar na hAetóipe leis an Aontas maidir le cúrsaí athligean isteach agus is gá gníomhaíocht a dhéanamh dá bhrí sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 a chur ar fionraí go sealadach maidir le náisiúnaigh den Aetóip atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Is é is cuspóir dó sin an Aetóip a spreagadh chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí is gá chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cúrsaí athligean isteach.

(5) Is iad na forálacha ba cheart a chur ar fionraí na forálacha sin dá dtagraítear in Airteagal 25a(5), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009, eadhon: an fhéidearthacht atá ann ceanglais a tharscaoileadh i ndáil leis an bhfianaise dhoiciméadach atá le tíolaic ag iarratasóirí ar víosa dá dtagraítear in Airteagal 14(6) den Rialachán sin, tarscaoileadh roghnach na táille víosa i gcás sealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus pasanna seirbhíse i gcomhréir le hAirteagal 16(5), pointe (b), den Rialachán sin, an ghnáth-tréimhse próiseála 15 lá féilire dá dtagraítear in Airteagal 23(1) den Rialachán sin a chur ar fionraí, rud a d'fhágfadh, mar iarmhairt air sin, go n-eisiafaí cur i bhfeidhm na rialach lena gceadaítear síneadh suas le 45 lá féilire ar a mhéad a chur leis an tréimhse sin i gcásanna aonair amháin, agus dá réir sin go mba thréimhse 45 lá féilire a bheadh sa tréimhse phróiseála chaighdeánach, agus eisiúint víosaí dul isteach iolrach i gcomhréir le hAirteagal 24(2) agus (2c) den Rialachán sin.

(6) Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena leathnaítear an ceart chun saorghluaiseachta chuig baill teaghlaigh, gan beann ar a náisiúntacht nuair a bhíonn siad ag taisteal in éineacht le saoránach den Aontas nó ag taisteal chun bheith le saoránach den Aontas. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag an gCinneadh seo maidir le baill teaghlaigh de chuid saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó léi ná maidir le baill teaghlaigh de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceart saorghluaiseachta aige nó aici atá coibhéiseach le ceart saoránaigh den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus tríú tír.

([1]) IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO L 303, 28.11.2018, lch. 39).

([3]) Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránaigh den Aontas agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát; lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

(7) Ba cheart na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a bheith gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear a n-oibleagáidí mar thíortha óstacha d'eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta nó do chomhdhálacha idirnáisiúnta arna dtionól ag na Náisiúin Aontaithe nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile atá á n-óstáil ag na Ballstáit. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag an bhfionraíocht shealadach maidir le náisiúnaigh den Aetóip a dhéanann iarratas ar víosa a mhéid is gá sin chun go gcomhlíonfaidh Ballstáit a n-oibleagáidí mar thíortha óstacha d'eagraíochtaí den sórt sin nó do chomhdhálacha den sórt sin.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(9) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([4]); dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([5]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([6]).

(11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([7]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([8]).

(12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([9]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe B, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([10]).

(13) Is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen, nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den Aetóip atá faoi réir an cheanglais víosa de bhun Rialachán (AE) 2018/1806.

([4]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).
([5]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.
([6]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).
([7]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.
([8]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).
([9]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.
([10]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

2. Níl feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den Aetóip atá díolmhaithe ón gceanglas víosa faoi Airteagal 4 nó 6 de Rialachán (AE) 2018/1806.

3. Níl feidhm ag an gCinneadh seo maidir le náisiúnaigh den Aetóip a dhéanann iarratas ar víosa, ar baill teaghlaigh iad de chuid saoránach den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó léi, ná ar baill teaghlaigh iad de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil ceart saorghluaiseachta aige nó aici atá coibhéiseach le ceart saoránach den Aontas faoi chomhaontú idir an tAontas agus tríú tír.

4. Tá an Cinneadh seo gan dochar do na cásanna ina mbeidh Ballstát faoi cheangal ag oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta, eadhon:

(a) mar thír óstach d'eagraíocht idir-rialtasach idirnáisiúnta;

(b) mar thír óstach do chomhdháil idirnáisiúnta arna tionól ag na Náisiúin Aontaithe nó faoina gcoimirce nó ag eagraíochtaí idir-rialtasacha idirnáisiúnta eile atá á n-óstáil ag Ballstáit nó faoina gcoimirce sin;

(c) faoi chomhaontú iltaobhach lena dtugtar pribhléidí agus díolúintí; nó

(d) de bhun Chonradh Idir-Réitigh 1929 (Comhaontú na Lataráine) a tugadh i gcrích idir an Suí Naofa (Stát Chathair na Vatacáine) agus an Iodáil, arna leasú go deireanach.

Airteagal 2

Cuirtear cur i bhfeidhm na bhforálacha seo a leanas de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ar fionraí go sealadach i leith na hAetóipe:

(a) Airteagal 14(6);

(b) Airteagal 16(5), pointe (b);

(c) Airteagal 23(1);

(d) Airteagal 24(2) agus (2c).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an dáta a dtabharfar fógra ina leith.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Málta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 29 Aibreán 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL